C/2025/2786

19.5.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11997 — MADISON DEARBORN PARTNERS / THOMA BRAVO / NEXTGEN HEALTHCARE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/2786)

1. An 5 Bealtaine 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Madison Dearborn Partners, LLC ('Madison Dearborn Partners', na Stáit Aontaithe),

— Thoma Bravo, L.P. ('Thoma Bravo', na Stáit Aontaithe),

— NextGen Healthcare, Inc. ('NextGen Healthcare', na Stáit Aontaithe), atá faoi rialú aonair Thoma Bravo faoi láthair.

Gheobhaidh Madison Dearborn Partners agus Thoma Bravo rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, NextGen Healthcare.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta cothromais phríobháidigh é Madison Dearborn Partners a dhíríonn ar infheistíochtaí i mbuntionscail, seirbhísí airgeadais, cúram sláinte agus teicneolaíocht agus rialtas,

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é Thoma Bravo atá dírithe ar sheirbhísí bogearraí agus ar sheirbhísí atá cumasaithe ag an teicneolaíocht,

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais NextGen Healthcare:

— Soláthraíonn NextGen Healthcare réitigh nuálacha teicneolaíochta le haghaidh cúraim sláinte otharlainne lena bhforbraítear agus lena soláthraítear bogearraí ríomhthaifead sláinte agus córais bhainistíochta cleachtais do thionscal an chúraim sláinte.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11997 — MADISON DEARBORN PARTNERS / THOMA BRAVO / NEXTGEN HEALTHCARE

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË